Achoimre Feidhmiúcháin

Léirigh éachtaí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) in 2024 a thiomantas maidir le feabhas a chur ar chobhsaíocht agus ar athléimneacht earnáil baincéireachta an Aontais. Chuir ÚBE 93 % de na cúraimí a leagtar amach ina Chlár Oibre 2024 i gcrích, agus leag sé béim ar a thiomantas buanseasmhach maidir lena fhreagrachtaí rialála.

In 2024, rinne ÚBE dul chun cinn suntasach maidir le hathchóirithe Basel III a chur chun feidhme laistigh den Aontas, arb é is aidhm dóibh athléimneacht na mbanc a áirithiú i ngéarchéimeanna amach anseo agus an córas airgeadais a neartú. Dhírigh ÚBE ar fheabhas a chur ar an Leabhar Rialacha Aonair trí threoirlínte agus caighdeáin theicniúla a eisiúint maidir le príomhábhair bhaincéireachta amhail creidmheas, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin. Rannchuidigh ÚBE freisin leis an gComhaontú Glas don Eoraip trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le comhtháthú an airgeadais inbhuanaithe, treoirlínte agus tuarascálacha a eisiúint maidir le rioscaí ESG, snas glas agus anailís ar chásanna, rud a léiríonn a ghealltanas breithnithe comhshaoil agus sóisialta a leabú i gcreataí stuamachta. Thug an t-údarás aghaidh freisin ar chomhréireacht trí dhíriú ar ualaí rialála ar bhainc bheaga a íoslaghdú agus cuspóirí stuamachta á gcoinneáil ag an am céanna, agus rinne sé dul chun cinn ar shainorduithe faoi rialacháin gnólachtaí infheistíochta (IFR/IFD). Agus an Leabhar Rialacha Aonair á threisiú aige, thug ÚBE aghaidh ar ionstraimí caipitil agus cruachadh rialála trí thuarascálacha agus treoirlínte nuashonraithe, lena n-áirítear maidir le CET1, TLAC/MREL, agus caighdeáin leachtachta. Rinne sé measúnú ar eilimintí amhail an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (NSFR), agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh gá le haon athruithe reachtacha suntasacha. Áiríodh in obair Cholún 2 anailís a dhéanamh ar thionchair riosca ráta úis agus treoirlínte maidir le hathbhreithniú maoirseachta (SREP) a thabhairt cothrom le dáta, agus leanadh de ghníomhaíochtaí tagarmharcála ar fud riosca creidmheasa agus riosca margaidh. I rialachas, chuir treoirlínte comhpháirteacha na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEnna) feabhas ar chumarsáid trasearnála maidir le measúnuithe oiriúnacha agus cuí. Chuaigh ÚBE i ngleic freisin le beartais luacha saothair, agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha maidir le neodracht inscne agus lucht ardioncaim, agus chuir sé tús le faireachán bliantúil a dhéanamh ar sciar margaidh na mbanc neamh-AE agus ar neamhchosaintí ar airgeadra eachtrach, rud a chuir feabhas ar thrédhearcacht agus ar thuiscint ar riosca ar fud earnáil baincéireachta an AE.

Dhírigh ÚBE ar fhaireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais i measc rátaí arda úis, fás mall agus éiginnteacht gheopholaitiúil, agus béim ar leith á leagan ar an tionchar ar an earnáil baincéireachta. In 2024, d'fhoilsigh ÚBE dhá eagrán dá Thuarascáil Measúnaithe Riosca, ceann amháin san earrach agus an ceann eile san fhómhar, agus bhí foilsiú thorthaí an chleachtaidh trédhearcachta uile-Aontais ag gabháil leis an gceann deireanach sin. Thug ÚBE a mhodheolaíocht tástála struis cothrom le dáta freisin, lena n-ionchorpraítear gnéithe nua amhail réamh-mheastacháin maidir le glan-táille agus ioncam coimisiúin (NFCI) agus íogaireacht riosca margaidh. Ina theannta sin, rinne ÚBE tástáil struis aonuaire ar rioscaí aeráide chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht na hearnála airgeadais faoi chásanna pacáiste Oiriúnach do 55 ina léirítear tionchar teoranta ó rioscaí aistrithe ach suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a chuirtear é in éineacht le fachtóirí maicreacnamaíocha. Tá ÚBE ag obair freisin chun rioscaí aeráide a chomhtháthú de réir

a chéile isteach sa chreat tástála struis uile-Aontais. Ag tosú in 2027, úsáidfidh sé cur chuige comhcheangailte lena ndéanfar measúnú ar leordhóthanacht caipitil agus ar athléimneacht na samhla gnó araon, agus ailíniú le modheolaíochtaí tástála struis atá ann cheana á áirithiú ag an am céanna.

In 2024, lean ÚBE dá straitéis sonraí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar fháil, ar úsáid agus ar scaipeadh sonraí rialála trína ardán EUCLID, rud a chumasaíonn sreafaí sonraí níos fearr agus rochtain ar léargais ardcháilíochta. Chuir ÚBE uirlisí ar fáil do pháirtithe leasmhara chun príomhshonraí airgeadais ó bhreis agus 9 500 pointe sonraí ar fud 123 banc a léirshamhlú agus a chur i gcomparáid le chéile, rud a chuidigh le trédhearcacht agus smacht margaidh a mhéadú. Thacaigh sé freisin le hanailísí sonraíbhunaithe agus d'fhreagair sé glaonna ar chomhairle maidir le cistiú agus neamhchosaintí bhainc an Aontais. Chuir ÚBE tús le EUCLID a chur in oiriúint chun freastal ar chineálacha nua eintiteas tuairiscithe, amhail iad siúd a bhfuil baint acu le rialacháin MiCA agus an Achta um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA). Rinne ÚBE dul chun cinn freisin maidir le mol sonraí Cholún 3 a chur chun feidhme agus d'oibrigh sé ar thuairisciú comhtháite a fheabhsú, lena n-áirítear struchtúr rialachais agus feabhsuithe ar Shamhail Pointe Sonraí (DPM 2.0) ar mhaithe le héifeachtúlacht tuairiscithe níos fearr a bhaint amach. Thug ÚBE uirlisí nua isteach freisin chun cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí níos fearr a áirithiú, ag teacht leis na hiarrachtaí leanúnacha maidir le nochtadh maoirseachta agus trédhearcacht i rialacháin baincéireachta an Aontais.

In 2024, chuir ÚMEnna dlús lena n-iarrachtaí DORA a chur chun feidhme, ag ullmhú do chur i bhfeidhm iomlán an chreata ó 2025. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí bhí formhaoirseacht ar sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla (CTPPanna) a chur chun cinn trí struchtúir rialachais a bhunú agus modheolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh cúraimí formhaoirseachta. Sheol ÚMEnna cláir oiliúna freisin don fhoireann agus d'eintitis airgeadais chun na cumais riachtanacha a fhorbairt. I gcomhréir le maolú sistéamach cibear-riosca an Aontais, thug ÚMEnna isteach Creat an Aontais Eorpaigh um Chomhordú Cibeartheagmhas Córasach (EU-SCICF) chun comhordú idir údaráis airgeadais a fheabhsú agus chun cibear-rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú. Foilsíodh comhráiteas ÚME freisin i mí na Nollag 2024, inar treoraíodh eintitis airgeadais maidir leis na ceanglais nua, go háirithe maidir le teagmhais TFC agus soláthraithe tríú páirtí a thuairisciú.

Tháinig an Rialachán maidir le Margaí i gCriptea-Shócmhainní (MiCA) i bhfeidhm in 2023, agus cuireadh tús le cur i bhfeidhm iomlán in 2024. In 2024, chuir ÚBE 20 caighdeán agus treoirlíne teicniúla ar fáil chun feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí, ar rialachas agus ar athléimneacht stuamachta le haghaidh margaí cripteashócmhainní. D'fhorbair ÚBE creat freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha (ARTanna) agus comharthaí ríomh-airgid(EMTanna), lena n-áirítear uirlisí le haghaidh malartú faisnéise agus teimpléid le haghaidh nósanna imeachta maoirseachta. Tháinig an Buanchoiste um Chriptea-Shócmhainní (CASC) in ionad an Ghrúpa shealadaigh Comhordúcháin maidir le Criptea-Mhaoirseacht (CSCG) chun cuidiú le comhroinnt eolais agus cóineasú maoirseachta. Ina theannta sin, d'eisigh ÚBE ráitis chun ceanglais nua MiCA a mheabhrú d'eisitheoirí agus do thomhaltóirí, agus béim á leagan aige ar phríomhábhair le haghaidh aird mhaoirseachta agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata rialála ar fud an Aontais á threisiú. Ina theannta sin, chuir ÚBE gníomhaíochtaí ullmhúcháin i gcrích maidir lena fhreagrachtaí MiCA eile, lena n-áirítear tuairimí neamhcheangailteacha a chur ar fáil maidir le haicmiú cripteashócmhainní agus cumhachtaí idirghabhála sealadacha a fheidhmiú.

In 2024, neartaigh ÚBE a fhócas ar nuálaíocht, ar chosaint tomhaltóirí agus ar an aistriú chuig creat nua maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT). Rinne ÚBE faireachán ar theicneolaíochtaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear airgeadas díláraithe, an intleacht shaorga (IS)/feidhmchláir foghlama meaisín agus cripteashócmhainní, agus measúnú á dhéanamh aige ag an am céanna ar na rioscaí a bhaineann leo, amhail saincheisteanna oibríochtúla agus cosanta tomhaltóirí. D'fhoilsigh sé tuarascálacha ar thaiscí téacschomharthaithe, ar mhaoiniú díláraithe (DeFi), agus ar thionchar na hintleachta saorga ar earnáil na baincéireachta, chomh maith le treoir a chur ar fáil maidir le comhsheasmhacht rialála san airgeadas digiteach. Ina theannta sin, thug ÚBE tús áite do chosaint tomhaltóirí trí fhaireachán a dhéanamh ar iasachtóirí neamhbhainc agus ar láimhseáil gearán, agus rinne sé bearta chun rochtain chothrom ar sheirbhísí airgeadais a áirithiú. Threoraigh ÚBE iarrachtaí chun cleachtais AML/CFT a chaighdeánú, chun dul i ngleic le rioscaí coireachta airgeadais atá ag teacht chun cinn, agus rinne sé comhordú le húdaráis náisiúnta maidir le bearta rialála nua a chur chun feidhme. Chuir sé tús freisin leis na hullmhúcháin don aistriú chuig creat nua AML/CFT an Aontais, rud a chuir le cruthú an Údaráis Eorpaigh nua um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA), a bhfuil sé beartaithe freagrachtaí AML a ghlacadh air féin faoi 2025.